Greann na nGiúdach

Gabriel Rosenstock
a chnuasaigh is a chóirigh

In eagar ag Mícheál Ó hAodha

ORIGINAL WRITING

ISBNs
ePub: 978-1-78237-229-5
Mobi : 978-1-78237-230-1
PDF : 978-1-78237-231-8

Published by Original Writing Ltd., Dublin, 2013.

Clár na Scéilíní

To follow

Stocmhargadh

Buachaill: A Dhaidí! Cad is brí le 'stocmhargadh'?
Daidí: Stocmhargadh? Á, tá sé róchasta. Fan go mbeidh tú fásta suas.
Buachaill: Mínigh anois dom é! Led thoil!
Daidí: Tá go maith. Abair gur cheannaigh tú dhá shicín. Beireann siad uibheacha. An bhliain dár gcionn tá tríocha sicín agat.
Buachaill: Tuigim.
Daidí: Beireann na sicíní sin uibheacha. Iompaíonn na huibheacha ina sicíní agus mar sin de go dtí go mbíonn na mílte sicíní agat. Tuigeann tú?
Buachaill: Tuigim.
Daidí: Ansin, tosaíonn sé ag cur báistí go trom. Agus ní stopann an bháisteach. Tá sé ar nós na Díleann. Is cuimhin leat Naoi agus an Díle?
Buachaill: Is cuimhin gan dabht.
Daidí: Bhuel… báitear na sicíní go léir, nach mór. Níl fágtha anois agat ach dhá shicín. Sin é an stocmhargadh duit. Bhí sé de cheart agat LACHAIN a cheannach!

Moyl

Stop Sasanach os comhair an tsiopa seo i Nua-Eabhrac agus clog mór i lár na fuinneoige ann.

Isteach leis an Sasanach.

'*Hellooo!*' arsa an Sasanach. 'An bhfuil éinne stigh?'

Nocht feairín feosaí féasógach agus bairéad cúil ar a cheann.

'An bhféachfá ar m'uaireadóir led thoil?' arsa an Sasanach.

Bhain sé an t-uaireadóir dá rosta.

D'fhéach an fear eile air. D'fhéach sé ansin ar an Sasanach.

'Bhuel?' arsa an Sasanach.

'Bhuel?' arsa an fear eile.

'An ndeiseofá dom é?' arsa an Sasanach.

'Mise?' arsa an fear eile.

'Nach seodóir thú?'arsa an Sasanach.

'Seodóir?' arsa an fear eile. 'Ní hea ach *moyl*.'

'*Moyl*? Cad sa diabhal é sin?' arsa an Sasanach.

'An duine a dheineann timpeallghearradh ar bhuachaillí óga.'

'*Good Lord*!' arsa an Sasanach. 'Agus cén fáth sa diabhal a bhfuil clog agat san fhuinneog?'

'Cad a chuirfeása ann?' arsa an *moyl*?

O'Reilly

Bhí an fear seo ag siúl thart in Brooklyn lá amháin agus an chéad rud eile chonaic sé siopa beag táilliúra agus COHEN & O'REILLY mar ainm air. Isteach leis agus labhair sé leis an táilliúirín a bhí laistiar den chuntar. Bhí an chanúint chéanna acu beirt, Giúdais bhinn bhlasta nach bhfuil ag mórán níos mó.

'Giúdach agus Éireannach,' ar seisean leis an táilliúirín. 'Cé a chreidfeadh é.'

'Tá iontas ort, an bhfuil?' arsa an táilliúirín.

'Tá go deimhin,' arsa mo dhuine. 'Tar éis an tsaoil, Cohen agus O'Reilly,

Giúdach agus Éireannach. Gealann sé mo chroí dáiríre. Dhá chine a bhí naimhdeach riamh lena chéile.'

'Bhoil,' arsa mo tháilliúirín, 'an gcuirfeadh sé seo ionas ort: is mise O' Reilly!'

Maois

Maois? Daichead bliain a thóg sé air sinn a thabhairt go dtí an t-aon áit sa Mheán-Oirthear nach bhfuil ola ann!

(Golda Meir)

Comharsa

Polannach ó dhúchas ab ea Izydor Epstein agus nuair a bhain sé na Stáit Aontaithe amach dúradh leis go gcaithfeadh sé tástáil súl a dhéanamh sula dtabharfaí ceadúnas tiomána dó.

'An bhfuil tú in ann na litreacha seo a léamh, a Izydor?'

Is iad na litreacha bhí ar an gcairt ná

POWZYNSKEY

'Cinnte!' arsa Izydor, 'gan stró ar bith. Ba chomharsa bhéal dorais liom é in Vársá!'

Othar

Othar: A Dhochtúir, táim ag éirí an-dearmadach. Cad is ceart dom a dhéanamh? An bhfuil aon mholadh agat?

Dochtúir: Mé a íoc roimh ré?

Saul

Amach le Max chun tacsaí a lorg. Tháinig ceann láithreach. Isteach leis agus arsa an tiománaí leis:

'Hath! Díreach ar nós Saul. Thagadh tacsaí i gcónaí dó. Díreach mar sin!'

'An mar sin é?' arsa Max.

'Aon rud a bhí uaidh, fuair Saul gan dua é. Caithfidh gur draíodóir de shaghas éigin ab ea é.'

'Cé seo a bhfuilimid ag caint air?' arsa Max.

'Saul Goldstein, ar ndóigh,' arsa an tiománaí.'Duine ar leith. Bíonn ormsa fanacht i gcónaí i gcónaí, is cuma cad a bhíonn uaim ach Saul – '

'Duine ar leith, ab ea?' arsa Max.

'Duine ar leith? Cá dtsosnóinn? Deir daoine gurbh fhearr an damhsóir ná Fred Astaire é.'

'Dáiríre?' arsa Max.

'Damhsóir den scoth. Cócaire den scoth. Ná bí ag caint. Bhí gach rud aige. Duine as milliún ab ea é. Duine an-tarraingteach le féachaint air. Gustalach? Raidhse airgid aige. Ach gan aon éirí in airde ag baint leis. Duine, abair, nach ndearmadfadh do lá breithe go deo. Deinimse dearmad ar mo lá breithe féin. Saul, sea. Duine iltréitheach. Bhí sé an-deaslámhach chomh maith. Dheiseodh sé rud ar bith sa teach. Rud ar bith. Nílimise in ann tairne a bhualadh i gceart. Ar mo leabhar! Saul Goldstein. A leithéid d'fhear. Thuig sé conas na mná a shásamh leis, má thuigeann tú leat mé. Níl a fhios ag éinne cé na buanna a fuair sé ó Dhia ach bhíodar aige. Deirtear nár thit sé amach lena bhean riamh. An gcreidfeá é sin? Mise? Mé féin is mo bhean bímid ag

argóint an t-am ar fad. Tá's agat féin.'

'Tá's agam,' arsa Max.

'Yé! Saul Goldstein! Ní bheidh a leithéid arís ann . . .'

'Conas a chuiris aithne air?' arsa Max.

'Níor bhuaileas riamh leis,' arsa an tiománaí.

'Conas go bhfuil an oiread sin cur amach agat mar gheall air?' arsa Max.

'Ó!' arsa an tiománaí, 'phósas a bhaintreach.'

Iasacht

Buachaill: A Dhaid, an dtabharfá iasacht 10 euro dom?

Athair: 8 euro??? Cén fáth a mbeadh 6 euro uait?!

Pearóid

Chuaigh Max go dtí siopa na bpeataí chun pearóid a cheannach.

Arsa fear an tsiopa leis: 'Tá pearóid bhreá anseo agam a bhfuil na seacht dteangacha aige.'

'Dáiríre?' arsa Max.

Labhair sé leis an bpearóid:

Parlez-vous français?

Oui Monsieur!' arsa an phearóid leis.

Bhí Max sásta go maith.

'Do you speak English?' arsa Max.

'Certainly!' arsa an phearóid.

'*Habla español?'*

'Si Señor!' arsa an phearóid.

Go maith, arsa Max leis féin. Fan go bhfeicfmid anois an bhfuill Giúdais aige:

'Yiddish redstu?'

'Mit aza nooz zol ich nisht redn Yiddish?

(Agus srón mar seo orm ceapann tú nach mbeadh Giúdais agam?)

Mamaí! (Dá mba Ghiúdach í)

Mamaí Mhona Lisa:

Aidhe! An t-airgead go léir a chaitheamar ar bhillí fiaclóireachta … agus tugann tú mionghháire air sin?

Mamaí Chríostóir Cholamabas:

Is cuma liom cá raibh tú! Níor ghlaoigh tú! Níor scríobh tú! Níor -

Mamaí Thomas Edison:

Óicé, bródúil asat táim, sea.. … tú féin agus an bolgán solais sin. Anois múch é maith an buachaill agus téigh a chodladh!

Mamaí Albert Einstein:

Is breá liom go bhfuil grianghraf díot ar na nuachtáin, óicé? (Ach nach bhféadfá rud éigin a dhéanamh le do chuid gruaige?)

Mamaí Mhaois:

Sa ghaineamhlach? Sa - !? Inis an fhírinne! Cá raibh tú le daichead bliain anuas?

Mamaí Bhill Gates:

Ní fhéadfá a bheith i do dhochtúir ar nós gach éinne eile is dócha?

Mamaí an Phiarsaigh:

Athbheochan na Gaeilge??? Níl an Ghiúdais sách maith is dócha?

Glaoch ar ospidéal

Chuir seanbhean glaoch ar Ospidéal Mount Sinai.

'Heileo, a chroí. Ba mhaith liom fiosrú i dtaobh othair, le do thoil.'

'Nóiméad amháin le do thoil. Ainm an othair?'

'Sarah Finkel ainm an othair. Seomra 305.'

'Finkel, a dúirt tú? Nóiméad beag amháin. Fan go bhfeice mé, Finkel? … Farber, Feinberg – Finkel. Sea, Finkel, Sarah. Tá sí ag déanamh go maith, tá. Go han-mhaith. D'ith sí béile iomlán tráthnóna. D'ith. Má leanann sí uirthi mar sin deir an dochtúir gur féidir í a chur abhaile maidin amárach.'

Ghabh an tseanbhean míle buíochas léi agus chuir síos an fón.

'Yipí!' ar sí, 'abhaile liom amárach!'

Glaoch ó Dhia

Chuir Dia glaoch ar an bPápa.

'A Phápa,' ar Sé, 'tá dea-scéal agam duit agus drochscéal.'

'Cén dea-scéal atá agat dom, a Dhia?' arsa an Pápa.

'A leithéid seo, a Phápa. Táim bréan ceart de na creidimh go léir agus iad in adharca a chéile an t-am ar fad. Ní bheidh ach an t-aon fhíorchreideamh amháin ann feasta.'

'Go hiontach!' arsa an Pápa. 'Agus an drochscéal?'

'Táim ag glaoch ó Iarúsailéim.'

Dhá Léine

Bhí Hanna buartha faoina mac a bhí imithe chuig coláiste samhraidh.

'Ta súil agam nach mbuailfidh sé le cailín dána ann,' ar sise ina haigne féin. 'An bhfaighidh sé dóthain le hithe? An mbeidh na buachaillí eile níos dea-ghléasta ná é?'

Shocraigh sí go gcuirfeadh sí dhá léine nua chuige. 'Gealfaidh sé sin a chroí,' ar sise.

Bhuel, nuair a bhí an cúrsa thart tháinig an leaidín abhaile agus ceann de na léinte nua air. Bhí a fhios aige go mbeadh a mháthair sásta.

'Ó,' arsa an mháthair, 'tá an-áthas orm tú a fheiceáil! Fáilte romhat abhaile.' D'fhéach sí ar an léine a bhí air.

'Cad a bhí cearr leis an léine eile? Níor thaitin sí leat?'

Stábla

Thiar sna 1920í a tharla sé nuair nach raibh an stádas ag Giúdaigh is atá acu anois, i Meiriceá ar aon nós. Chuaigh an lánúin seo - Rivkah agus Alex ab ainm dóibh - chuaigh siad ar saoire go Miami.

Isteach leo san óstán galánta seo.

'Tá brón orm,' arsa an bainisteoir, 'níl aon seomra fágtha.'

Díreach ansin, chonaic Rivkah beirt eile ag seiceáil amach.

'Buíochas le Dia!' ar sise, 'tá seomra saor anois agaibh.'

'Níl,' arsa an bainisteoir. 'Tá rialacha againn anseo. Tuigeann sibh féin.'

'Rialacha?' arsa Rivkah.

'Níl cead ag Giúdaigh fanacht anseo.'

'Giúdaigh?' arsa Rivkah.'Ceapann tú gur Giúdaigh is ea sinn, ab ea?'

'Tá a fhios agam go maith gur Giúdaigh is ea sibh,' arsa an bainisteoir.

'Bhuel, ní hea,' arsa Rivkah. 'Is Caitlicigh sinn. Nach ea, Alex?'

'Cait -? Ó, sea, Caitlicigh. Cinnte! Amach is amach!' arsa Alex.

'Caitlicigh, ab ea? Abair liom. An raibh mac ag Dia?'

'Bhí, cinnte' arsa Rivkah.

'Cén t-ainm a bhí air?'

'Íosa,' arsa Rivkah.

'Agus cár rugadh é?'

'I mBeithil gan dabht.'

'Cén áit i mBeithil?'

'I stábla.'

'Cén fáth stábla?'

'Mar,'arsa Rivkah, 'mar go raibh *shmuck* ar do nós féin i mBeithil a dúirt go raibh an teach ósta lán!'

Fógraí Pearsanta

Fear á lorg ag feimineach díograiseach, duine a mbeadh meas aige ar mo neamhspleáchas … cé gur dócha anois nuair a smaoiním air nach mbeadh. Ó, féach, déan dearmad air.

Bosca 459

Bean Ghiúdach, 29. Is maith liom damhsa, sléibhteoireacht, sciáil.

Céim san Eabhrais agus céim bhacaí.

Bosca 622

Luachanna

An Críostaí creideann sé gur luachmhar é an duine ón gcoimpeart.

An Búdaíoch creideann sé gur luachmhar é an duine roimh an gcoimpeart.

An Giúdach creideann sé gur luachmhar é an duine tar éis dó cáiliú mar dhochúir.

Sútha Talún

Lá breá a bhí ann i dtús an tsamhraidh. Bhí aoileach á chur ag feirmeoir ar shútha talún. Suite in aice le teach na ngealt a bhí an fheirm aige.

Bhí gealt ina sheasamh cois claí agus é ag faire ar an obair seo.

'Cad atá á dhéanamh agat?' arsa an ghealt.

'Tá aoileach á leathadh agam ar na sútha talún,' arsa an feirmeoir.

'Nach ait é sin,' arsa an ghealt. 'Cuirimidne uachtar is siúcra orthu – agus glaonn siad gealta orainne.'

Éist Leis Seo!

Bhí an seanleaid seo, Max, bhí sé buartha faoina bhean. Bhí tuairim aige go raibh sí ag éirí bodhar, an creatúr. Shocraigh sé ina aigne go gcuirfeadh sé tástáil uirthi gan fhios di.

Chuaigh sé go dtí cúinne an tseomra agus ar seisean:

'An bhfuil tú in ann mé a chlos?'

Faic.

As sin chuaigh sé go lár an tseomra agus ar seisean:

'An bhfuil tú in ann mé a chlos?'

Faic na ngrást.

Chuaigh sé ansin agus sheas gar dá cathaoir agus ar seisean (isteach ina cluas beagnach):

'An bhfuil tú in ann mé a chlos?'

'Tá,' ar sise, 'agus seo an tríú huair agam á rá leat!'

Cad déarfaidh siad?

Cailleadh triúr comrádaithe, Dovid, Shlomo agus Yaakov, i dtimpiste bóthair, Dia ár sábháil. Ach ba Ghiúdaigh mhaithe iad agus chuaigh siad caol díreach suas chun na bhflaitheas. (Cén áit eile a deir tú).

Cuireadh ceist orthu ansin. 'Tá tú sa chónra anois agus tá do ghaolta is do chairde do do chaoineadh. Cad ba mhaith leat go ndéarfaidís fút?'

Arsa Dovid: 'Dochtúir iontach ab ea é agus thug sé an-aire dá bhean agus dá chlann.'

Arsa Shlomo: 'Fear céile maith ab ea é agus múinteoir den scoth.'

Arsa Yaakov: 'FÉACH! FÉACH! TÁ SÉ AG BOGADH!'

Trí Cheist

Chuaigh an fear seo isteach in oifig dlíodóra. D'fhiafraigh sé den dlíodóir cén costas a bhainfeadh le trí cheist.

'€150,' ars an dlíodóir.

'Ábhairín daor, nach bhfuil?'

'Ta. Agus an tríú ceist?'

Mamaí

D'imigh triúr mac thar sáile agus dheineadar go maith dóibh féin. D'fhan an mháthair sa bhaile, san Úcráin. Bhí sí ró-aosta chun taisteal a dhéanamh.

Nuair a bhí a gcarn déanta acu, shocraigh an triúr go ndéanfaidís gar éigin dá máthair. Agus rinne. Tháinig siad le chéile ansin agus iad go leir ag maíomh as a raibh déanta acu.

Arsa an chéad mhac, Avraham: 'Chuir mé teach mór á thógáil di.'

Arsa an dara mac, Dovid: 'Fuaireas Mercedes di – agus tiománaí!'

Arsa an tríú mac, Moishe: 'Tá a fhios agaibh cé chomh ceanúil ar an mBíobla is atá mamaí? Fuair mé pearóid iontach di – tá an phearóid sin in ann an Bíobla a aithris. An rud ar fad de ghlanmheabhair aige!'

Tamall ina dhiaidh sin fuair siad go léir litir óna mamaí.

Ar sise le hAvraham: 'Tá an teach chomh mór le pálás! Cónaímse i seomra beag amháin ann – ach bíonn orm an teach go léir a ghlanadh.'

Ar sise le Dovid: 'Táim róshean anois le bheith ar an mbóthar. Ar aon nós, ní maith liom an tiománaí.'

Ar sise le Moishe: 'A mhic mo chroí, bhí an sicín thar a bheith blasta!'

Dovid agus Ifreann

Tháinig Sarah abhaile agus í faoi bhrón. Ar sise lena máthair:

'Ba mhaith leis mé a phósadh, a deir sé.'

'Is buachaill maith é Dovid. Ba chóir go mbeifeá an-sásta!'

'Ach, a Mhamaí. Is aindiachaí é. Ní chreideann sé in ifreann fiú amháin.'

'Pós é, a stóirín. Eadrainn déanfaimid creidmheach de!'

Ardaitheoir

Ní raibh Iacób agus a mhac i bhfad i Meiriceá nuair a thug siad a gcéad chuairt ar ollmhargadh. Bhí iontas na n-iontas orthu, ní nach iontach.

Chonaic siad ardaitheoir. Ní raibh tuairim faoi spéir acu cad a bhí ann.

'Cén rud é sin?' arsa an mac.

'Níl tuairim faoin spéir agam,' arsa Iacób.

An chéad rud eile gabhann seanbhean tharstu aguis í i gcathaoir rothaí, slán gach samhail! Osclaíonn sí doirse an ardaitheora agus isteach léi. Tá mo bheirt ag féachaint air seo agus ag féachaint ar a chéile. Dhún na doirse.

Tar éis tamaill, osclaíonn na doirse arís agus tagann spéirbhean álainn amach.

Stánann an t-athair is an mac ar a chéile.

'Brostaigh,' arsa Iacób, 'faigh do mham.'

An Ghinid sa Lampa

Chuaigh beirt dlíodóirí agus an rúnaí acu amach le haghaidh lóin. Agus iad ag siúl tríd an bPáirc Láir cad a chonaic siad ina lúi faoi chrann ach seanlampa. D'ardaigh duine de na dlíodóirí an lampa agus chuimil é.

Tháinig ginid amach as.

'Trí ghuí a thugaimse de ghnáth do dhaoine,' arsa an ghinid. 'Ach tá triúr agaibh ann. Mar sin, guí an duine.'

Bhí a lán feicthe ag na dlíodóirí sin i gcaitheamh a saoil – agus ag an rúnaí chomh maith – ach ní fhacadar aon rud mar seo riamh.

'Mise i dtosach,' arsa an rúnaí.

'Tá go maith,' arsa an ghinid.

'Ba mhaith liom a bheith ar bord loinge is mé ag triall ar Iamáice!'

Agus d'imigh sí as radharc.

'Mise anois,' arsa duine de na dlíodóirí.

'Ba mhaith liom a bheith in Haváí, i mo luí ar an trá agus grá geal mo chroí le mo thaobh.'

As go brách leis.

'Tusa anois,' arsa an ghinid leis an dlíodóir eile.

'Sea', ar seisean,' ba mhaith liom an bheirt sin a bheith ar ais san oifig díreach tar éis lóin!'

Seanfhocail (1)

Deora linbh scoiltfidís na flaithis

Bréag iomlán leath na fírinne

Ní féidir léim thar do scáil féin

An dusta ár dtús an dusta ár ndeireadh
– idir an dá linn ní haon dochar é braoinín maith vadca

Ná fiafraigh riamh de bhearbóir an bhfuil bearradh gruaige uait

Timpiste

Bhain drochthimpiste do Bhenjy agus chaill sé a bhod. Scrúdaigh an máinlia san ospidéal é. Dúradh leis gan a bheith buartha, go bhféadfaí bod beag nua a chur ann nach gcosnódh ach €5,000, ceann measartha mór ar €15,000 agus bod breá mór ar €30,000.

'Déan do mhachnamh air, a Bhenjy. Labhair le do bhean agus tar ais ais chugainn amárach.'

Tháinig sé ar ais an mhaidin dár gcionn.

'Bhuel, a Bhenjy?' arsa an máinlia.

'Deir mo bhean go mb'fhearr léi cistin nua a bheith aici!' arsa Benjy.

An Méara agus a Bhean

'Seo linn amach ag siúl,' arsa an Meara lá lena bhean. Amach leo. Agus iad ag dul thar ionad tógála ghlaoigh duine éigin ar an mbean.

'Aon scéal, Sarah?'

'Is deas tú a fheiceáil arís, a Avi.' Chuir sí Avi in aithne dá fear céile, an Méara, agus bhí comhrá beag acu. Bhailíodar leo ansin.

D'fhiafraigh an Méara dá bhean, ar ball, conas go raibh aithne aici ar an tógálaí sin.

'Bhíomar ar scoil le chéile. Mheasas uair amháin go bpósfainn é…'

Thosaigh an Méara ag gáire.

'Bhí an t-ádh leat. Murach mise bhí tógálaí agat mar fhear céile.'

'Ní hea. Dá mbeinnse tar éis eisean a phósadh bhí Méara agam mar fhear céile.'

Béile

'Sea,' arsa Yaakov, 'tá mé féin agus mo bhean daichead bliain pósta i mbliana. Dhá scór bliain! Agus inseoidh mé rud amháin duit. Conas d'éirigh linn bheith lena chéile an fhaid sin? Téimid amach dhá uair sa tseachtain le haghaidh béile. Beagán fíona. Greim beag blasta le n-ithe. Bíonn sé an-deas. Téann sise ar an Máirt. Ar an Aoine a théimse.

Giúdais Líofa

Chuaigh Yaakov agus a mhac amach le haghaidh béile sa cheantar Giúdach den bhaile. Bhí siad ag cabaireach leo – as Giúdais, ar ndóigh. Tháinig freastalaí Síneach chucu agus d'fhiafraigh sé díobh an raibh gach rud ceart go leor.

Bhí alltacht ar Yaakov.

'Ar chuala tú é? Tá Giúdais líofa ag an Síneach sin!'

'Tá,' arsa an mac, 'conas a tharla sé in aon chor?'

Níos déanaí agus iad ag imeacht, cuireann siad ceist ar an mbainsteoir.

'Cár fhoghlaim an Síneach sin a chuid Giúdaise?'

Féachann an bainisteoir thar a ghualainn go neirbhíseach.

'Fuist!' ar sé. 'Ceapann sé gur Béarla atá á mhúineadh againn dó…'

Iarratas Deireanach

Daoradh triúr fear chun báis, Iodálach, Éireannach agus Giúdach. Dúradh leo go bhféadfaidís a rogha béile a bheith acu sula gcuirfí chun báis iad.

'Plata mór pasta,' arsa an tIodálach.

Tugadh dó é agus cuireadh chun báis é.

'Bagún is cabáiste,' arsa an tÉireannach.

Tugadh dó é agus cuireadh chun báis é.

'Sútha talún,' arsa an Giúdach.

'Níl siad i séasúr!' a dúradh leis.

'Tá go maith.' arsa an Giúdach, 'fanfaidh mé …'

Ollphéist Loch Nis

Bhí aindiachaí ar saoire in Albain. Ar bhruach Loch Nis a bhí an teach lóstín aige. Maidin amháin chuaigh sé amach i mbád ag iascaireacht dó fein. An chéad rud eile nocht Ollphéist Loch Nis agus a béal ar leathadh aici.

'A Dhia! Sábháil mé! Fóir orm, a Dhia!' arsa an t-aindiachaí bocht.

Tháinig freagra láithreach ó na scamaill.

'Mheasas nár chreid tusa i nDia !'

'Tabhair seans dom, a Dhia! Dhá nóiméad ó shin níor chreideas in ollphéisteanna ach an oiread!'

Sáiltéar Airgid ar Iarraidh

Thug seansagart cuireadh do shagart óg le haghaidh dinnéir. Thug an sagart óg faoi deara go raibh an cailín a bhí ag freastal orthu an-tarraingteach go deo. Bhí an seansagart in ann aigne an tsagairt óig a léamh.

'Ta a fhios agam cad a cheapann tú, ach níl aon rud eadrainn. Dáiríre.'

Seachtain ina dhiaidh sin tháinig an cailín go dtí an seansagart agus ar sise leis:

'Tá an sáiltéar airgid ar iarraidh.'

An uair dheireanach a baineadh úsáid as an sáiltéar céanna ná an tráthnóna a raibh béile aige leis an sagart óg. An bhféadfadh gur - ? Bheartaigh sé ar litir a chur chuige.

' A Athair, Beatha agus Sláinte! Tá sáiltéar airgid ar iarraidh. Nílim á ra gur tusa a thóg an sáiltéar ach tá sé ar iarraidh ó bhí béile agat liom seachtain ó shin …'

D'fhreagair an sagart óg: A Athair, nílim á rá go bhfuil aon ní idir tú féin agus an cailín sin ach dá gcodlófá i do leaba féin uair éigin bheadh an sáiltéar aimsithe agat faoin am seo.'

Ceist

Bhí Sol agus Mort ag argóint. An mbeadh cead ag duine toitín a chaitheamh fad is a bheadh a phaidreacha á rá aige?

Arsa Mort: 'Fiafraigh den Raibí é.'

Chuaigh Sol go dtí an Raibí.

'An mbeadh sé ceart go leor toitín a chaitheamh agus paidir á rá agat?'

'Ní bheadh,' arsa an Raibí.

Chuaigh Sol ar ais go dtí a chara agus d'inis an méid sin dó.

'Chuir tú an cheist mhícheart air,' arsa Mort.

Chuaigh Mort go dtí an Raibí.

'An mbeadh sé ceart go leor paidir a rá agus toitín á chaitheamh agat?'

'Cén fáth nach mbeadh!' arsa an Raibí.

Schwartzaigh

Chuir Gotlieb glaoch ar na dlíodóirí Schwartz, Schwartz, Schwartz & Schwartz.

'An bhféadfainn labhairt le Schwartz le do thoil.'

'Brón orm, tá sé ar saoire.'

'An Schwartz eile?'

'Róghafa faoi láthair. Ag obair ar chás mór.'

'Cad faoin Schwartz eile?'

'Tá sé ig imirt gailf inniu.'

'An ceathrú Schwartz?'

'Ag caint...'

Cén t-am é?

Bhí sean-Ghiúdach ag taisteal ar traein agus Giúdach óg suite trasna uaidh.

Tar éis tamaill, arsa an Giúdach óg:

'Gabh mo leithscéal, cén t-am é?'

Níor fhragair an seanduine é. Níor fhéach sé air fiú amháin.

'Athem! Cén t-am é led thoil?' arsa an fear óg arís.

D'fhan an seanduine ina thost.

'Más é do thoil é, a dhuine uasail, cén t-am é?'

Féachann an seanduine air. 'Is gearr uainn deireadh scríbe. An stáisiún deireanach. Níl aithne agam ort. Caithfidh gur strainséir thú. Má deirimse leatsa cén t-am é beidh orm cuireadh a thabhairt duit go dtí mo theach. Is fear breá óg thú. Tá iníon álainn agamsa. Titfidh sibh i ngrá agus beidh fonn pósta oraibh. Cén fáth a dtabharfainn liom abhaile duine nach acmhainn leis uaireadóir a cheannach?'

Mama ag Caint

D'fhreagair Rivkah an guthán.

'Heileo?' arsa Rivkah.

'A stóirín, Mama ag caint.'

'Ó, a Mhama. A leithéid de lá a bhí agam. Ní chreidfeá!' Bhris na deora uirthi. 'Tá an leanbh ag caoineadh ó mhaidin, tá an meaisín níocháin briste. Ní raibh deis agam dul ag siopadóireacht agus tá muintir Rosen agus muintir Goldberg ag teacht le haghaidh dinnéir anocht!'

'Dona go leor. Ach fág faoi Mhama é. Anois, suigh síos agus lig do scíth, a stór. Beidh mé chugat i gceann leath uair an chloig. Déanfaidh mise an tsiopadóireacht duit, glanfaidh mé an teach agus réiteoidh mé an dinnéar duit. Fág fúmsa é. Agus tabharfaidh mé aire don leanbh. Ná bí buartha. Gheobhaidh mé duine éigin chun an meaisín níocháin a dheisiú duit. Go deimhin, glaofaidh mé ar Morty anois agus déarfaidh mé leis an oifig a fhágáil go luath agus lámh chúnta a thabhairt duit.'

'Morty?' arsa Rivkah.

'Morty, sea, d'fhear céile …. An é sin 224-1374?'

'Ní hea ... 224 –1375.'

'Ó, tá brón orm ... caithfidh go bhfuaireas an uimhir mhícheart.'

Bhí ciúnas ar an taobh eile den líne.

'Ní – ní bheidh tú ag teacht mar sin is dócha?'

Gúrú

Chuaigh Goldie Cohen, seanbhean Ghiúdach as Los Angeles, go dtí an gníomhaire taistil.

'Is mian liom dul chun na hIndia,' ar sise.

'An India? Aistear an-fhada! Rófhada ar fad! Má tá fonn taistil ort, a bhean mhaith, cén fáth nach rachfá go Miami nó go hIosrael?'

'Is mian liom dul chun na hIndia.'

'Níl a fhios agam an dtaitneoidh an bia leat. Agus beidh ort a bheith an-chúramach le torthaí is glasraí. Gan trácht ar an uisce.'

'Is mian liom dul chun na hIndia.'

'Má éiríonn tú tinn ann? Samhlaigh na hospidéil ansin! Agus níl dochtúirí Giúdacha acu.'

'Is mian liom dul chun na hIndia.'

Rinneadh na socruithe go léir. Bhain Goldie Cohen an India amach. Ba chuma léi faoin trácht. Níor chuir an teas ná an salachar as di in aon chor. Chuaigh sí caol díreach go dtí an t-*ashram*.

'Beidh ort fanacht sa scuaine!' a dúradh léi.

Trí lá a chaith sí sa scuaine. Sa deireadh ligeadh di an gúrú a fheiceáil.

'Níl cead agat ach trí fhocal a rá leis an ngúrú. Trí fhocal. Sin an méid,' a dúradh léi.

'Tá go maith,' ar sise.

Ligeadh isteach go dtí an gúrú í.

'Yaakov,' ar sí, 'tar abhaile!'

TITANIC

Tá an Titanic ag dul go tóinn poill . Arsa Moishe le Max, 'D'fhéadfadh sé a bheith níos measa.'

'Conas?' arsa Max.

'D'fhéadfadh ticéad fillte a bheith ceannaithe againn.'

Na Deich nAitheanta

Chuaigh Dia chun na hIodáile agus labhair leis na daoine ann:

'Ar mhaith libh mo chuid aitheanta a fháil?' ar Sé.

Arsa na hIodálaigh: 'Tabhair sampla dúinn.'

'Ná déan marú!' arsa Dia.

'Go raibh maith agat ach níl spéis againn iontu,' arsa na hIodálaigh leis.

Chuaigh Dia chun na Spáinne agus labhair leis na daoine ann.

'Ar mhaith libh mo chuid aitheanta a fháil?' ar Sé.

Arsa na Spáinnigh: 'Tabhair sampla dúinn.'

'Ná déan goid!' arsa Dia.

'Go raibh maith agat ach níl spéis againn iontu,' arsa na Spáinnigh leis.

Chuaigh Dia chun na hÉireann agus labhair leis na daoine ann.

'Ar mhaith libh mo chuid aitheanta a fháil?' ar Sé.

Arsa na hÉireannaigh: 'Tabhair sampla dúinn.'

'Ná déan drúis!' arsa Dia leo.

'Go raibh maith agat ach níl spéis againn iontu,' arsa na hÉireannaigh leis.

Chuaigh Dia go dtí na Giúdaigh ansin.

'Ar mhaith libh mo chuid aitheanta a fháil?' ar sé.

'Aitheanta? Cad a chosnaíonn siad?' arsa na Giúdaigh leis.

'Tá siad saor in aisce,' arsa Dia leo.

'Tá go maith,' arsa na Giúdaigh. 'Tógfaimid deich gcinn acu mar sin.'

Moishe agus an geansaí

Nuair a bhí an Cumannachas i réim sa Rúis is ea a tharla sé seo – agus ní an-fhada ó shin é sin. Bhí Moishe á cheistiú ag oifigeach rialtais, féachaint an raibh an dearcadh ceart Cumannach aige. Tá sé an-tábhachtach an dearcadh ceart a bheith agat. Nó ligean ort ar aon nós.

'Dá mbeadh luamh agat, cad a dhéanfá léi?' arsa mo dhuine le Moishe.

Smaoinigh Moishe. Má smaoinigh, ní rófhada a smaoinigh sé.

'Thabharfainn don rialtas é, cad eile?

'Dá mbeadh pálás agat, cad a dhéanfá leis?

'É a thabhairt don rialtas, cad eile?'

'Dá mbeadh geansaí agat, cad a dhéanfá leis?'

Níor fhreagair Moishe.

Chuir an t-oifigeach an cheist chéanna arís air.

Níor tháinig freagra.

Bhéic an t-oifigeach: 'Freagair mé! Dá mbeadh - '

'Ach,' arsa Moishe, 'tá geansaí agam!'

Seanfhocail (2)

Is mór an méid é pingin – mura bhfuil pingin agat

Is fearr fiafraí deich n-uaire ná dul amú uair amháin

Ailse – smailse! – fad is atá do shláinte agat

Chruthaigh Dia an duine mar gur breá Leis scéalta

Is fusa an cat a ligean as an mála ná é a chur ar ais ann

Gruaig Liath

Bhí Hannah bheag ag breathnú ar a mamaí an mhaidin áirithe seo.

Ar sise go tobann:

'A Mhamaí, tá cúpla ribe liath i do chuid gruaige. Cén fáth sin?'

'Bhuel,' ar sise. 'Nuair a dhéanann iníon drochrud éigin, rud a chuireann a mamaí ag caoineadh, abair, iompaíonn ribe léi liath.'

Smaoinigh Hanna air seo ar feadh tamaill.

'Ach,' ar sise, 'tá mamó liath ar fad!'

Colscaradh

An lánúin seo, iad beirt sna nóchaidí, chuir siad fios ar an dlíodóir.

Colscaradh a bhí uathu. Bhí alltacht ar an dlíodóir

'Tá sibh le chéile anois níl fhios agam ... trí scór bliain? Cén fáth scaradh anois?'

D'fhreagair an tseanbhean: 'Theastaigh uainn fanacht go mbeadh na páistí básaithe.'

Dochtúir

Chuaigh Sál go dtí an Dr Schwarz.
'Tá tú tinn,' arsa an dochtúir.
'An bhfuil tú cinnte?' arsa Sál.
'Tá…'
'Teastaíonn an dara tuairim uaim,' arsa Sál.
'Tá tú gránna chomh maith,' arsa an dochtúir.

.

'Tá dea-scéala agam duit Mrs Brown!' arsa an Dr Schwarz.
'*Miss* Brown, a Dhochtúir,'
'Tá droch-scéala agam duit, Miss Brown...'

Vallait

Chuaigh Ginsberg chuig dinnéar mór, ócáid bhliantúil nach gcaillfeadh sé ar ór ná ar airgead. Ach ag deireadh na hoíche fuair sé amach go raibh a vallait caillte aige.

Chuaigh sé gi dtí an micreafón ach go háirithe agus ar seisean: 'A chairde, chailleas mo vallait. Bhí ocht gcéad dollar ann. Caoga dollar don té a aimseoidh é.'

Go tobann chuala sé guth ó chúl an tseomra: 'Tabharfaidh mise seachtó cúig!'

Dachshund

Ghlaoigh an tImpire ar a chomhairleoir airgeadais, Goldberg.

'Seo,' arsa an tImpire leis, 'seo fiche bonn óir. Amach leat is ceannaigh *dachshund* dom.'

'A Mhórgacht!' arsa Goldberg. '*Dachshund* a dúirt tú? Cá bhfaighinnse *dachshund* ar scór bonn óir? Theastódh a dhá oiread sin – más *dachshund* maith atá uait.'

'Tá go maith,' arsa an tImpire, 'seo scór eile mar sin. Bí cinnte anois gur *dachshund* den scoth a bheidh ann.'

'Ná bíodh eagla ort,' arsa Goldberg. 'Gheobhaidh mise an *dachshund* is fearr sa tír duit. Feicim anois é, sea… táim in ann é a shamhlú. Ceann beag nó ceann mór? Aon dath ar leith?'

'Beag nó mór is cuma liom. Agus is cuma faoin dath,' arsa an tImpire, 'ach é a bheith ar an *dachshund* is breátha amuigh!'

'Go breá,' arsa Goldberg. 'Rud beag amháin …'

'Sea?'

'Pardún, a Mhórgacht, ach cad is *dachshund* ann?'

Schnorrer

D'éirgh le *schnorrer* (bacach bóthair) agallamh a fháil leis an mBarún Rothschild. Níl sé éasca agallamh a fháil leis an mBarún ach nuair a chuala an Barún

go raibh plean iontach ag an *schnorrer* chun leathmhilliún rúbal a dhéanamh, dúirt an Barún go dtabharfadh sé dhá nóiméad dó.

'Labhair leat anois agus ná cuir mo chuid ama amú,' arsa an Barún. 'Cloisimse go leor pleananna den sórt seo agus is annamh aon mhaitheas ag baint leo.'

'Tá go maith,' arsa an *schnorrer*. 'Tá sé an-simplí ar fad.'

'Lean ort,' arsa an Barún agus é ag féachaint ar a uaireadóir, 'am is ea airgead tá a fhios agat.'

'Sin é a deirtear ceart go leor,' arsa an *schnorrer*. 'Nuair a phósfaidh d'iníon, tabharfaidh tú milliún rúbal mar spré di, nach dtabharfaidh?'

'Agus?'

'Bhuel,' arsa an *schnorrer* 'má phósann sí mise beimid breá sásta le leathmhilliún!'

Déirc

Chuaigh an *schnorrer* seo thart ag lorg déirce. An scéal a bhí aige ná gur dódh a theach go talamh. Tháinig sé fad le teach Max ach go háirithe agus arsa Max leis:

'An bhfuil doiciméad agat ón raibí a thacódh leis an scéal seo agat?'

'Ó!' arsa an *schnorrer*, 'dódh é sin leis!'

An *Schnorrer* agus an tAnraith

Bhí *schnorrer* bocht ag dul ó bhaile go baile agus ó theach go teach agus an port céanna aige, is é sin nár ith sé le seachtain agus go raibh sé stiúgtha.

I ndeireadh na feide a bhí se nuair a chnag sé ar an doras áirithe seo.

'An –íosfá anraith fuar?' arsa bean an tí leis.

'D'íosfainn, cinnte!' arsa an *schnorrer*.

'Tar ar ais i gceann seachtaine mar sin,' ar sise, 'tá an t-anraith fós té.'

An Páirtí Cumannach

Theastaigh ó Abram Rabinovich clárú leis an bPáirtí Cumannach. Ar ndóigh, bhí air cúpla ceist a fhreagairt i dtosach. Níl siad chun aon stail amadáin a ligean isteach sa pháirtí sin bíodh fhios agat.

'Cerbh é Karl Marx?'

'Nil a fhios agam,' arsa Rabinovich.

'Leinín?'

'N'fheadar.'

'Leonid Brezhnev?'

'Níor chuala trácht riamh air.'

'Mar mhagadh atá tú!' arsa an feidhmeannach.

'Ar m'anam nach ea,' arsa Rabinovich. 'An bhfuil aithne agatsa ar Hershel Salsberg?'

'Cé?' arsa an feidhmeannach.

'Herschel – ?'

'Níl!' arsa an feidhmeannach.

'Hmm … Cad faoi Yankel Horowitz?'

'Níor chuala trácht riamh air!'

'Dáiríre? Nahum Davidovich?'

'N'fheadar ó thalamh an domhain cé hé.'

'Bhuel,' arsa Rabinovich, 'nach in mar a bhíonn? Tá cairde agamsa agus tá do chairde féin agatsa.'

Minsk

Nuair a d'oscail bean an tí doras na drúthlainne bhí sean-Ghiúdach gioblach ina sheasamh roimpi.

'Tá Natalie uaim,' ar seisean léi.

'Is í Natalie an cailín is costasaí san áit seo. Cailín éigin eile b'fhéidir?'

Tharraing mo dhuine míle euro amach as a phóca.

'Natalie atá uaim,' ar seisean.

'Tar isteach!' arsa bean an tí leis.

Bhí Natalie ansin aige ar feadh uair an chloig agus b'fhiú míle euro í oíche ar bith. Tháinig sé ar ais an dara hoíche agus an scéal céanna arís.

Nuair a tháinig sé an tríú hoíche, bhí gach éinne ag déanamh iontais de. Cá bhfuair sé an t-airgead go léir? Bhí uair an chloig aige i dteannta Natalie agus é chomh sásta le diúc.

Agus é ag imeacht, arsa Natalie leis :

'Is tusa an t-aon duine a bhí riamh agam trí oíche as a chéile. Cé thú féin nó cad as duit ?'

'Is mise Moishe,' arsa mo dhuine. 'As Minsk.'

'Minsk, ab ea? arsa Natalie. 'Tá deirfiúr liom ina cónaí ansin.'

'Tá's agam, ' arsa Moishe, 'thug sí trí mhíle euro dom le tabhairt duit.'

Dúch Dearg

Chuaigh Sara Rabinovich ar imirce. Ach d'fhan a fear céile, Abram, sa Rúis.

'Scríobhfaidh mé chugat gach lá,' arsa Abram. 'Gan teip. Smaoinigh anois, aon rud a scríobhfaidh mé i ndúch dubh beidh sé fíor, an dtuigeann tú? Aon rud i ndúch dearg, tuig gur bréag is ea é.'

'Tá go maith, a stór. Dúch dearg is ea deargéitheach! Beidh mé in ann smaoineamh air sin!'

Mí ina dhiaidh sin fuair Sara litir. An chéad rud a thug sí faoi deara ná gur le dúch dubh a scríobhadh í:

'A stóirín! Cúrsaí go breá anseo i Moscó mar is gnáth. Cheannaigh mé culaith nua an lá cheana. Deir gach éinne go bhfuil cuma an-fhaiseanta orm. Tá raidhse feola sna siopaí mar is gnáth agus tá glasraí go flúirseach arís i mbliana. Dáiríre, níl aon easnamh in aon chor orainn. Tá sé beagáinín deacair teacht ar dhúch dearg. Seachas sin …'

Traein

Is maith le muintir Chelm a bheith suas chun dáta agus bíonn siad i gcónaí ag caint ar an bhfaisean is déanaí. Nuair a tháinig ann don traein mar shampla, thosaigh beirt de na seanóirí ag cur is ag cúiteamh mar gheall ar chúrsaí iompair.

'An duigeann tú, a dhuine chóir,' arsa duine acu, ' abraimis gur fhág tú Chelm díreach anois. Cén t-am é? A sé a chlog. Bhuel, creid é nó ná creid, dá bhfágfá Chelm anois bheifeá i Vársá tamaillín gairid roimh mheán oíche.'

'Go breá,' arsa an fear eile, 'ach cén gnó a bheadh agamsa i Vársá i lár na hoíche?'

Slis Aráin

Bhí rud éigin oibrithe amach ag duine de sheanóirí Chelm. Rud éigin tábhachtach, dar leis, agus theastaigh uaidh é a phlé leis an Raibí.

'A Raibí,' ar seisean, 'abair an méid seo liom agus ná habair níos mó.'

'Abair leat,' arsa an Raibí.

'Má chuireann tú im ar shlis aráin …'

'Sea,' arsa an Raibí.

'Má chuireann tú im ar shlis aráin, agus má thiteann sé …'

'Lean ort,' arsa an Raibí.

'An taobh a mbíonn an t-im air a bhíonn in íochtar i gcónaí.'

'Mar sin é?' arsa an Raibí.

'Ar m'anam féin gur fíor é,' arsa an seanóir.

'Fan go bhfeicfimid,' arsa an Raibí. Chuir sé blúire ime ar shlis aráin agus lig dó titim ar an urlár. An taobh a raibh an t-im air a bhí in uachtar.

'Cad déarfá leis sin?' arsa an Raibí.

'Dhera, a Raibí, ar an taobh mícheart a chuir tú an t-im is léir!'

Cupán Tae

Bhí beirt de sheanóirí Chelm ag ól tae lá.
Arsa duine acu:
'Is geall le tae gan siúcra é an saol.'
D'fhéach an duine eile air.
'Cad tá i gceist agat go díreach?'
'Tá orm é a mhíniú duit? Ní fealsamh mé.'

Pióg Úll

Bhí Abram ar leaba a bháis is gach éinne cruinnithe timpeall chun slán a rá leis. Go tobann tháinig loinnir ina shúile.

'Cén boladh aoibhinn é sin?'

Arsa gach éinne as béal a chéile: 'Pióg úll Mhamó!'

'Cad eile!' arsa Abram. 'Rith síos,' ar sé i gcogar leis an ngarmhac is óige, 'rith síos is iarr slisín ar Mhamó. Níl rud is deise a thaitneoidh anois liom!'

Tháinig an garmhac ar ais i gceann nóiméid.

'Tá brón orm, a Dhaideo,' ar sé, 'is le haghaidh an tórraimh é!'

Mí-ádh

Bhí Nat bocht an-tinn go deo. Ní raibh a fhios ag éinne an mairfeadh sé go maidin. Bhí a bhean, Fran, cois na leapa, mar a bhí le cúpla seachtain anuas. I lár na hoíche, dhúisigh sé agus ghlaoigh chuige a bhean:

'Frannie, a stór, tá tú ann,' ar sé. 'Ar ndóigh, tá. Bhí tú ann i gcónaí. Nuair a tugadh bata is bóthar dom, bhí tú ann chun sólás a thabhairt dom. An cuimhin leat? Nuair a chuireas mo ghnó féin ar bun agus nuair a theip air, bhí tú ann. An cuimhin leat? Nuair a bhain an timpiste scíála sin dom, san Ostair, bhí tú ann. Bhfuil fhios agat, is dóigh liom go mbaineann mí-ádh éigin leatsa, a stór.'

Faoistin

Bhí an tAthair Mahoney istigh sa bhosca faoistine lá nuair a chuala sé an guth seo ag caint leis agus ba léir ón gcead siolla gur Giúdach ab ea é.

'A Athair, Emil Cohen is ainm domsa agus ní bheadh fhios agat le féachaint orm ach táim ag druidim le ceithre scór bliain d'aois, táim san, agus tá rúnaí nua faighte agam, Goldie, nach bhfuil ach bliain is fiche agus táimid … tá's agat féin … ag bualadh leathair, pé rud is maith leat a thabhairt air. Níl bualadh leathair sách maith mar chur síos air. Dochreidte ar fad, a Athair. …. Ar nós coiníní. Dáiríre. De ló is d'oíche. Isteach is amach. Agus tá deirfiúr ag Goldie. Estelle. Ó, a Athair, an Estelle seo … bíonn an triúr againn sa leaba i dteannta a chéile an dtuigeann tú agus stail asail a thugann Estelle ormsa an dtuigeann tú agus – '

'Gabh mo leithscéal … Emil, nach ea ?'

'Sea, a Athair ...'

'Tá tú san áit mhícheart, a dhuine. Cén fáth a bhfuil an scéal seo á insint agat domsa?'

'Ó ní duitse amháin é, a Athair, táim á insint do gach éinne!'

Beoir

Mheas seanóirí Chelm go mbeadh sé níos saoire i bhfad dá ndéanfaidís a gcuid beorach féin sa bhaile seachas a bheith á ceannach. Bhí cúpla seanoideas maith ag cuid de na seanóirí agus roinnt smaointe nua ag an gcuid eile. Sa deireadh, meascán den sean agus den nua is mó a thaitin leo go léir agus chuir siad sampla go Vársá chun aitheantas a fháil.

Coicís ina dhiaidh sin tháinig sreangscéal:

TÁ DIABÉITEAS AR DO CHAPALL.

Seanfhocail (3)

B'fhearr a bheith in Ifreann le saoi ná a bheith ar Neamh le gamal

Ní thar oíche a reoigh na hoighearshruthanna

Is fearr buairt is súp ná imní gan anraith

Ní féidir cogaint le fiacla duine eile

Mallacht : Go dtite do chuid fiacla go léir amach – seachas ceann amháin, chun go mbeadh tinneas fiacaile ort!

In Ainm an Athar

Bhí a hionú tagtha agus thug Moshe a bhean Leah go dtí an t-ospidéal. Dúirt an dochtúir leo go raibh meaisín nua acu a ligfeadh don athair cuid den phian a fhulaingt. Bhí Moshe sásta. (Bhí Leah thar a bheith sásta).

'Tá go maith,' arsa an dochtúir. 'Abraimis 10%. An mbeifeá in ann 10% den phian a fhulaingt, an dóigh leat?'

'Fág fúmsa é,' arsa Moshe.

Bhí go maith is ní raibh go holc.

'Dhera,' arsa Moshe, 'ní mhothaím faic, tabhair dom 20% ansin maith an fear.'

'Bhfuil tú cinnte?' arsa an dochtúir. 'Is beag fear a bheadh in ann é a sheasamh.'

Tugadh fiche faoin gcéad den phian dó.

'Tuilleadh!' arsa Moshe ar ball. '50%!'

'Caithfidh mé do bhrú fola a thástáil ar dtús,' arsa an dochtúir.

Bhí Moshe ag déanamh go breá ar fad.

'Feicim an cloigeann,' arsa an dochtúir. 'Tá do mhac ag teacht!'

'Mo mhacsa? An dlíodóir?' arsa Moshe. 'Tabhair an phian go léir dom! 100%!'

Tugadh. Agus tháinig maicín breá ar an saol. Bhí siad triúr i mbarr a sláinte, Moshe, Leah agus an leanbh.

Nuair a chuadar abhaile, cad a bhí ann ach fear an bhainne ina phleist ar an gcosán rompu. É fuar marbh.

Ádhamh agus Éabha

Sa rang Eabhraise a bhí Beinjí óg agus é ag foghlaim faoin tslí inar chruthaigh Dia an uile ní. Bhí an-spéis aige sa chur síos ar Éabha:

'Chuir an Tiarna Dia suan trom ar an duine, agus, ina shuan dó, bhain sé easna as agus chuir feoil ina timpeall. An easna a bhain an Tiarna Dia as an duine, rinne sé bean aisti…'

An tráthnóna sin bhí pian ina thaobh aige. Luigh sé ar urlár na cistine. Tháinig a mhamaí.

'A Bheinjí, a thaisce! Cad tá ort?'

'Ó, a Mhamaí, measaim go bhfuilim chun bean chéile a bheith agam…'

Feallmharú an tSáir

Nuair a feallmharaíodh Alastar II na Rúise, labhair póilín go bagrach leis an raibí áitiúil.

'Is cinnte go bhfuil gach eolas agatsa ina thaobh,' ar seisean.

'Níl tuairim agam,' arsa an raibí. 'Ach tá a fhios agam cad déarfaidh an rialtas – gurb iad na Giúdaigh agus na glantóirí simléar a bhí laistiar de.'

'Cén fáth na glantóirí simléar?'

'Cén fáth na Giúdaigh?' arsa an raibí.

Gabh mo Leithscéal

Gabh mo leithscéal ach caithfidh tú éisteacht leis an gceann seo: Iosraelach, Rúiseach agus Meiriceánach, bhí an triúr acu amuigh le haghaidh béile. Tháinig an freastalaí.

'Gabh mo leithscéal,' ar sé, 'tá ganntanas feola ann.'

'Cad is brí le ganntanas?' arsa an Meiriceánach.

'Cad is brí le feoil?' arsa an Rúiseach.

'Cad is brí le gabh mo leithscéal?' arsa an tIosraelach.

Schmuck

'Níl ionatsa ach *shmuck*! a deir Sadie lena fear céile Maurice. '*Shmuck* atá ionat. *Shmuck* a bhí riamh ionat. Ní bheidh ionat go deo ach *shmuck*. Féachann tú ar nós *shmuck*. Labhraíonn tú ar nós *shmuck*. Caillfear id *shmuck* thú. Dá mbeadh comórtas ann le haghaidh an *shmuck* is mó ar domhan bheifeá sa dara háit.'

'Cén fáth sa dara háit?' ars Maurice.

'Mar *shmuck* is ea thú!' a bhéic Sadie leis.

An Díle

'Téann an teaghlach seo againne siar go dtí Alastar Mór,' arsa Christine. 'Cad fúibhse?'

'Níl a fhios agam,' arsa Miriam. 'Cailleadh na taifid go léir sa Díle.'

Agallamh

Chuaigh Harry le haghaidh agallaimh. D'éirigh go maith leis. Dúradh leis go raibh an jab faighte aige.

'Gheobhaidh tú €50,000 in aghaidh na bliana agus tar éis trí bliana ardófar é sin go dtí €75,000. Cathain a bheidh tú in ann tosú?'

'I gceann trí bliana,' arsa Harry.

Beart

Chuaigh Moishe isteach in oifig an phoist chun beart a chur abhaile go dtí a mháthair san Úcráin.

'Fan go bhfeicfidh mé anois,' arsa an cailín laistiar den chuntar. 'Tá sé seo róthrom. Beidh gá agat le stampa eile.'

'Déanfaidh sé sin níos éadroime é?' arsa Moishe.

Gilitín

Siar in aimsir Réabhlóid na Fraince bhí cónaí ar Yossi i mbaile beag lasmuigh de Pháras. Tháinig a chara Maurice abhaile ó Pháras agus scéalta uafáis aige.

'Tá cúrsaí go dona,' arsa Maurice.

'Ó *vé*,' arsa Issy (is é sin le rá, 'Ó bhó!')

'Sea go deimhin,' arsa Maurice. 'Tá cloigne ar na sráideanna.'

'Ó *vé*,' arsa Issy.

'Madame Gilitín, is í a bhíonn gnóthach, maidin is tráthnóna.'

'Ó *vé*,' arsa Issy, 'cad a imeoidh ar mo ghnólacht hataí?'

Earcach

Earcach nua in Arm na Breataine ab ea Abe Rosenberg.

'Cad is ainm duit?' arsa oifigeach leis.

'Abe Rosenberg,' arsa Abe.

Thosaigh an t-oifigeach ag béicíl:

'Caithfidh tú *Sir* a rá agus tú ag caint le hoifigeach in Arm na Breataine! Cad is ainm duit?'

'Sir Abe Rosenberg,' ar seisean.

Léivític

Chríochnaigh an raibí an tseanmóir. 'Agus an tseachtain seo chugainn,' ar sé, 'bainfidh an tseanmóir le bréaga. Idir an dá linn, léigí Léivític, Caibidil 28.'

An tseachtain dár gcionn arsa an raibí: 'An mó duine agaibh a léigh Léivític 28?'

Chuaigh gach lámh in airde.

'Níl ach 27 caibidil ag Léivític,' arsa an raibí. 'Agus anois ... an tseanmóir úd a ghealla s daoibh ...'

Jóc Neamhghlan

Ar na héin, seo iad na cinn a bhfuil an ghráin le bheith agaibh orthu – ní ceadmhach iad a ithe; bíodh an ghráin orthu! – an t-iolar, an bhadhbh, an coirneach; an fiach, gach cineál préacháin; gach cineál cruchóige; an ostrais, an seabhac oíche, an faoileán, gach cineál seabhaic; an ceann cait, an fiach mara, an t-ulchabhán, an chearc uisce, an peileacán, an t-iolar gréagach, an chorr éisc agus an chorr bhán de gach cineál, an húpú agus an sciathán leathair.... (Léivític 11. 13)

Carr Nua

Theastaigh carr nua ón Raibí.

'An bhfuil an carr ceart agamsa duit, a Raibí,' arsa Alex, an carrdhíoltóir.

'An bhfuil?' arsa an Raibí.

'Tá,' arsa Axel. 'Féach!'

Thaispeáin Alex carr breá nua don Raibí. Bhí cuma álainn ar fad uirthi ón dtaobh amuigh. Ach nuair a shuigh an Raibí isteach, baineadh preab as.

'Alex!' arsa an Raibí, 'níl troitheáin ar bith inti – níl coscán aici ná luasaire!'

'Níl, a Raibí,' arsa Alex. ' Is fíor duit. Ach níl gá aici sin le troitheán ar bith. Is leor labhairt léi. Abair léi brostú nó moilliú nó rud ar bith. Tuigfidh sí.'

'Is dócha go dtuigeann sí Eabhrais chomh maith, an dtuigeann?'

'Tuigeann cinnte! Gluaisfidh sí duit má chloiseann sí *Baruch HaShem* (Buíochas le Dia).'

Leis sin thosaigh an carr ag gluaiseacht!

'Conas í a stopadh?' a bhéic an Raibí.

'Deotranaimí 6.4!' arsa Alex.

Mhachnaigh an Raibí. 'Deotranaimí 6.4.? Ó sea, gan dabht. Éist, a Iosrael: an Tiarna ár nDia, an t-aon Tiarna ...' Agus bhéic sé amach as Eabhrais é: SHEMA YISROEL! Stop an carr láithreach.

Ní fhéadfadh an Raibí a bheith níos sásta. Cheannaigh sé an carr gan a thuilleadh moille.

'Baruch HaShem,' ar sé agus as go brách leis. B'álainn an lá é agus bheartaigh sé ar éalú ón gcathair. Bhí sé chomh tógtha sin leis an radharc tíre nach bhfaca sé an fógra rabhaidh ar thaobh an bhóthair:

STOP! DROICHEAD LEAGTHA!

Nuair a chonaic sé an anscoilt roimhe, chuardaigh a chosa na coscáin. Ar ndóigh, ní raibh troitheán ar bith ann.

'Ó! Cad iad na focail sin arís?' Ní raibh sé in ann cuimhneamh ar na focail a stopfadh an carr. 'Tá deireadh liom,' ar sé ina aigne féin agus tháinig paidir chuige gan smaoineamh. '*Shema Yisroel,'* ar sé. Stop an carr láithreach. Trí orlach eile agus bhí deireadh leis. Chuimil sé an t-allas dá chlár éadain agus ghabh buíochas le Dia.

'Baruch HaShem!' ar sé.

Sionagóg Nua

Theastaigh *shul* (sionagóg) nua ó mhuintir Chelm. Ar ámharaí an tsaoil, bhí coill in aice leo mar sin pé easnamh eile a bhí orthu níorbh easpa adhmaid é. Thosaigh siad ag leagadh na gcrann agus is gearr go raibh dóthain adhmaid acu chun an tsionagóg a thógáil.

Ní raibh le déanamh anois ach na lomáin go léir a iompar go dtí an baile. Thóg sé sin dhá la go leith orthu. Tháinig strainséir go dtí an baile agus nuair a chonaic sé an obair seo go léir labhair sé le méara an bhaile.

'Cén fáth nach rabhlálann sibh na lomáin síos an cnoc in áit iad a iompar?'

'Conas nár smaoinigh mé air sin?' arsa an méara. D'ordaigh sé do na hoibrithe na lomáin go léir a iompar ar ais agus tosú á rabhláil síos an cnoc.

An-jóc

Bhí cónaí ar Schmulik in Chelm. Lá amháin thug sé cuairt ar shráidbhaile eile. Bhuail strainséir bleid air agus ar seisean: 'An mó briosca a d'fhéadfá a ithe ar bholg folamh?'

'Ocht gcinn,' arsa Schmulik.

'Ní fhéadfá,' arsa an fear eile. 'Ní fhéadfá ach ceann amháin a ithe mar ina dhiaidh sin ní bheadh do bholg folamh!'

Nuair a chuaigh Schmulik abhaile go Chelm chuir sé an cheist chéanna ar a chara Moysheh.

'An mó briosca a d'fhéadfá a ithe ar bholg folamh?' ar seisean.

'Cúig cinn?' arsa Moyshe.

'Ó, is trua nach ndúirt tú ocht! Bhí an-jóc agam duit...'

Fógra Raidió

S'kratzt zikh? Koyft Keshi-Meshi. Keshi-Meshi iz di beste kochroach powder in gantzen velt. S'iz zeyr poshut tzu benutzn dem Keshi-Meshi: nemt dem kochroach in eyn hand; nemt dem Keshi-Meshi in anderen hand. Shit arayn a bisl Keshi-Meshi afn kochroach – es vet im gantz gut hargenen. Un az der Keshi-Meshi harget dem kochroach nit, nem dem kochroach, shtelt im in an anvelop, un shikt im tzu undz, di Keshi-Meshi kompani, und mir veln makhn a soyf fum im.

Aistriúchán:

''Bhfuil tochas ort? Ceannaigh Keshi-Meshi. Sé Keshi-Meshi an púdar is fearr ar domhan in aghaidh na gciaróg. Tá sé an-éasca an Keshi-Meshi a úsáid: cuir an chiaróg i lámh amháin, an Keshi-Meshi sa lámh eile. Croith roinnt den Keshi-Meshi ar an gciaróg – ba cheart go maródh sé sin go maith é. Agus mura maraíonn an Keshi-Meshi an chiaróg, tóg an chiaróg, cuir i gclúdach í agus seol chugainne í, an comhlacht Keshi-Meshi, agus cuirfimidne deireadh léi.

An Soirbhíoch

Ba nós le dream beag seanóirí teacht le chéile uair sa tseachtain le haghaidh caife agus comhrá. Scéalta móra an domhain a phlé, thaitin sé sin leo: cogaí, tuilte, marú - na drochscéalta is na scannail go léir.

Lá amháin agus cúrsaí sa Mheán-Oirthear idir chamáin acu, bhain Moishe an-phreab as an gcomhluadar nuair a dúirt sé: 'A chairde, tá deireadh agamsa le clamhsáin agus le tabhairt amach. Soirbhíoch a bheidh ionam feasta!'

A leithéid! Soirbhíoch! Ní raibh éinne in ann labhairt ar feadh tamaill fhada. Shuíodar ansin agus iad ag stánadh ar an ainmhí aisteach seo – an soirbhíoch.

Sa deireadh, arsa Sam: 'Soirbhíoch is ea thú, ab ea? Tá cuma an-bhuartha ort mar shoirbhíoch!'

D'fhreagair Moishe: 'Ó! Ceapann tú go bhfuil sé éasca bheith id shoirbhíoch, an gceapann?'

Dochtúir

Bhí Nadine, Joyce agus Slyvia suite ar bhinse páirce agus iad ag cabaireacht faoina gcuid páistí.

Sllvia: Bhuel, a chairde, tá dea-scéala agus drochscéala agam daoibh.

Nadine: *Nu?*

Sylvia: Ghlaoigh Michael orm aréir agus dúirt sé liom go raibh sé aerach.

Joyce: Aerach? Sé sin – *oy,* Silvia, *vey iz mir*! Tar éis an méid atá déanta agat ar a shon. An-mháthair a bhí ionat. Ná cuir an milleán ort féin.

Nadine: An-mháthair go deo a bhí ionat. Sea, *nu*? Agus an dea-scéala?

Sylvia: Bhuel … tá sé chun dochtúir a phósadh!

Abe agus Golda ar Mhí na Meala

Golda: Breá bog anois é, 'Abe, a bhuachaill, is maighdean mé i gcónaí.

Abe: Cad atá á rá agat? Is mise an ceathrú fear céile agat; bhís pósta cheana faoi thrí!

Golda: Má bhíos féin. An chéad fhear céile agam, Max, gínéiceolaí ab ea é. Níor theastaigh uaidh ach mé a scrúdú an t-am go léir, sin uile. An dara fear, Hymie, síciatraí ab ea é. Níor theastaigh uaidh ach labhairt mar gheall air. Agus an tríú fear … Izzy. Bailitheoir stampaí ab ea é agus níor theastaigh uaidh siúd ach …. Ó, braithim uaim Izzy!

Moishe ar Leaba a Bháis

Bhí Moishe ar leaba a bháis.
Go tobann, ar sé:
'An bhfuil tú ansin, Shimon?'
'Táim, a Dhaid. Táim anseo.'
'Daniel?'
'Táimse anseo, a Dhaid,' arsa an dara mac.
'Agus Avraham? An bhfuil tusa tagtha leis?'
'Táim,' ar sé, 'táim anseo le do thaobh!'
'AGUS CÉ ATÁ I bhFEIGHIL AN tSIOPA?!'

Scéal na Bó

Bhí bó sa Pholainn uair amháin agus chuaigh sí i ndísc. Dhein an pobal taighde agus fuaireadar amach go raibh bó ar fáil i Moscó ar dhá mhíle rúbal agus bó eile in Minsk ar mhíle rúbal. Bhíodar tíosach mar a bhí a muintir rompu agus cheannaíodar bó Mhinsk.

Bhí go maith is ní raibh go holc. An-bhó ab ea í. Thál sí na galúin bainne gan stró. Bhí an pobal an-sásta léi agus tar éis bliana bhíodar go léir den tuairim go mb'fhiú go mór í a thabhairt don tarbh agus a thuilleadh mar í a bheith buan ina measc.

Fuaireadar tarbh ach go háirithe ach th'anam 'on diabhal, ní raibh aon spéis ag an mbó ann. Dhein an tarbh a mhíle dícheall ach bhogadh an bhó uaidh i gcónaí. Bhí an pobal ag éirí cráite. An scéal céanna lá i ndiaidh lae agus an tarbh ag éirí an-chorrthónach ar fad.

Sa deireadh, shocraíodar ar dhul chun cainte leis an raibí. Bhí gach aon eolas ag an raibí. Bheadh a fhios aige siúd cad a bhí le déanamh.

Mhíníodar an scéal dó agus d'éist an raibí go foighneach leo.

'Hmmm…' ar seisean, agus ansin, 'Ó…' agus 'Dáiríre?'

Bhí ciúnas ann ansin, ar feadh tamaill. Sa deireadh, labhair an raibí.

'Chuirfinn geall gur bó as Minsk í an bhó mhallaithe sin!' arsa an raibí.

Bhí alltacht ar an bpobal.

'Nach tú an raibí gaoismhear againn,' ar siad. 'Conas go raibh fhios agat gur bó as Minsk í?'

'As Minsk do mo bhean,' arsa an raibí.

Cine Tofa Dé

A Dhia, tá a fhios againn gur sinne do chine tofa, ach (mar athrú) an bhféadfá cine eile a thoghadh?

- Shalom Aleichem

Gabriel Rosenstock

Gabriel Rosenstock is the author/translator of over 160 books, including 13 volumes of poetry and a volume of haiku in Irish and in English, as well as numerous books for children. Prose work includes fiction, essays in *The Irish Times*, radio plays and travel writing.

A member of Aosdána (the Irish Academy of Arts and Letters), he has given readings in Europe, South, Central and North America, India, Australia, Japan and has been published in various leading international journals including *Akzente, Neue Rundschau,* and *die horen* (Germany), *Poetry* (Chicago), *World Haiku Review, Irish Pages, Poetry Ireland Review* and *Sirena.* He has given readings at major festivals, including Berlin, Bremen, Struga (Macedonia), Vilenica (Slovenia), Medellín, Ars Poetica (Slovakia) and twice at the nomadic Kritya festival in India. Rosenstock taught haiku at the Schule für Dichtung (Poetry Academy) in Vienna. Among his awards is the Tamgha I Kidmat medal for services to literature.

He has brought out Irish-language versions and translations of among others, Francisco X. Alarcón, Seamus Heaney, Rabindranath Tagore, Günter Grass, W M Roggeman, Said, Zhāng Ye, Michele Ranchetti, Michael Augustin, Peter Huchel, Georg Trakl, Georg Heym, Hansjörg Schertenleib, Hilde Domin, Johann P. Tammen, Munir Niazi, Ko Un, Günter Kunert, Iqbal, Michael Krüger, Kristiina Ehin, Nikola Madzirov, Agnar Artúvertin, Walter Helmut Fritz, K. Satchidanandan, Elke Schmitter, and Matthias Politycki as well as Irish-language

versions of classical haiku and modern haiku by amongst others John W. Sexton (Ireland), J W Hackett (USA), Andres Ehin (Estonia), Petar Tchouhov (Bulgaria) and Janak Sapkota (Nepal).

Rosenstock is the Irish-language advisor for the poetry journal *THE SHOp* and a Foundation Associate of The Haiku Foundation. His vast output includes plays, work for TV, novels and short stories, children's literature in prose and verse, including Irish versions of such classics as *The Gruffalo*. Recent succcesful picture books include *Sa Tóir ar an Yeití* (Cló Mhaigh Eo) and his retellings of ancient and medieval Indian tales, *Birbal* (Cló Iar-Chonnacht). He is the Irish-language translator with the new imprint Walker Éireann.

Among the anthologies in which he is represented is *Best European Fiction 2012* (Dalkey Archive Press, USA). His compelling novella *Lacertidae* was translated from the Irish by Mícheál Ó hAodha *(OW 2011).* His *Selected Poems / Rogha Dánta* (Cló Iar-Chonnachta) appeared in 2005 and the the bilingual volume *Bliain an Bhandé/ Year of the Goddess* came out in 2007 (Dedalus). He is the Irish translator of numerous films and TV shows including *Watership Down* and *The Muppet Show*. He is also well known as a translator of song lyrics into Irish by Bob Dylan, Leonard Cohen and others and as a translator of plays by Beckett, Frisch, Yeats and others. The year 2012 saw the publication of a full-length play *The Blood of Squirrels* and a burlesque *The Amazing Professor Parrot*. Three volumes of the series *Guthanna Beannaithe an Domhain* have been published by Coiscéim,

sacred voices of the Earth in which saints and sinners rub shoulders with shamans and sages.

Two books on haiku as a way of life, *Haiku Enlightenment* and *Haiku, the Gentle Art of Disappearing* from Cambridge Scholars Publishing are available from Amazon. *Uttering Her Name* (Salmon Poetry) is his début volume of poems in English and has been translated into many languages, including Faroese, Serbian and Japanese. His debut novel in English is a comic detective novel, *My Head is Missing* (*OW*, 2012). *The Pleasantries of Krishnamurphy: Revelations from an Irish Ashram,* was published in 2011 by Non-Duality Press, www.non-dualitypress.org

Dr. Mícheál Ó hAodha

Tá an Dr Mícheál Ó hAodha ag obair in Ollscoil Luimnigh. Cuireann sé ailt ar fáil go rialta don *Irish Times*. Is iad na leabhair is déanaí uaidh: *Narratives of the Occluded Irish Diaspora: Subversive Voices;* Oxford: Peter Lang (eds. J. O'Callaghan and M. Ó hAodha) – (2011), *"Insubordinate Irish": Travellers in the Text* (Manchester: Manchester University Press) – (2011) agus *Slán le hÉirinn* (Baile Átha Cliath: Coiscéim).